

Loreto Secondary School, Balbriggan, Co Dublin

Gaeilge 2010

Am 40 NÓIMÉAD

Ceist 1

30 marc

Scríobh alt (15 líne) ar cheann amháin de na hábhair seo:

- a) Peata atá agam sa bhaile
 - b) Lá cois farraige
 - c) Turas Scoile
 - d) M'áit chónaithé

Ceist 2

20 marc

Meaitseáil na fógraí agus na pictiúir, scríobh an litir cheart sa spas ceart ar an ngreille.

Ceist 3

20 marc

Léigh an dán agus cuir (/) sa bhosca ceart.

Cois na farraige *Le Micheál Ó Donncha*

Tá an lá go haoibhinn,
Níl scamall sa spéir
Don trá is don taoide
Brostaímís go léir

Rachaimid san uisce
Is beimid ag snámh
Ag rith is ag rince
Is ag léim go hard

Gheobhaimid an citeal
Is líonfaimid é,
Lasfaimid tine
Is déanfaimid tae

Rachaimid abhaile
Nuair a thiocfaidh an oíche
Is fágfaimid slán
Ag trá is ag taoide

1. Cá rachaidh an chlann?

Ag siopadóireacht	
Go dtí an trá	
Ar Laethanta saoire	

2. Conas atá an aimsir?

Tá an lá go haoibhinn	
Tá sé ag cur baistí	
Tá sé gaofar	

3. Cad a dhéanfaidh siad san uisce?

Rachaidh siad ag snámh	<input type="checkbox"/>
Imreoidh siad peil	<input type="checkbox"/>
Beidh siad ag caint	<input type="checkbox"/>

4. Cén t-am a rachaidh siad abhaile?

Ag am lóin	<input type="checkbox"/>
Sa tráthnóna	<input type="checkbox"/>
Nuair a thiocfaidh an oíche	<input type="checkbox"/>

Ceist 4 Léamhthuiscent

30 marc

Léigh an t-alt agus freagair na ceisteanna atá faoi

Dia Daoibh. Is mise Seán Ó Murchú. Tá mé i mo chónaí i gCorcaigh. Tá gruaig dhonn orm agus tá súile gorma agam. Tá mé dhá bhliain déag d'aois. Tá cúigear i mo chlann. Tá deartháir agus deirfiúr amháin agam. Is é Maidhc an duine is sine sa chlann. Is í Siobhán an duine is óige sa chlann. Tá sí i rang a trí sa bhunscoil. Tá mé i mo chónaí i lár na tuaithe. Tá teach dhá stór agam. Is maith liom bheith ag imirt cluichí ríomhaire agus bheith ag imirt spóirt. Imríím Peil Ghaelach ar fhoireann na scoile

1. Cén aois Seán?

2. Cén dath atá ar a chuid gruaige?

3. Cé mhéad atá ina chlann?

4. Ainmnigh an páiste is óige sa chlann?

5. Cá bhfuil sé ina chónaí?

6. Cén caitheamh aimsire atá ag Seán?